

## Treoir do na Painéil Saoránach Náisiúnta i gcomhthéacs na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa

Leis an Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, foráiltear go ndéanfar Painéil Saoránach Eorpach a eagrú. Ina theannta sin, de réir an Dearbhaithe Chomhpháirtigh, *'Féadfaidh gach Ballstát agus gach institiúid tuilleadh imeachtaí a eagrú, i gcomhréir lena sonraíochtaí náisiúnta nó institiúideacha féin, agus tuilleadh ionchuir a sholáthar don Chomhdháil, amhail painéil náisiúnta saoránach nó imeachtaí téamacha lena gcuirfí le chéile ionchur ó phainéil éagsúla'*. Sonraítear sa Dearbhú Comhpháirteach: *'Imeachtaí náisiúnta agus Eorpacha faoi chuimsiú na Comhdhála, eagrófar iad de réir sraith prionsabal agus íoschritéar lena léireofar luachanna an Aontais a bheidh le sainiú ag struchtúir na Comhdhála.'*

Sa chomhthéacs sin, ba cheart d'eagraithe na n-imeachtaí glacadh leis an gCairt Chomhdhála agus ba cheart do na rannpháirtithe cloí léi.

Tá an treoir a ndéantar cur síos uirthi thíos bunaithe ar phrionsabail an dea-phlé, prionsabail a shainítear go háirithe i dtuarascáil na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta inar athbhreithníodh na céadta cás-staidéar i ndáil le pléphróisis,<sup>1</sup> agus a bhfuil sé d'aidhm aici cabhrú leis na Ballstáit a bhfuil sé ar intinn acu Painéil Saoránach a eagrú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

NB: Ba cheart imeachtaí náisiúnta, nach ionann iad agus na painéil saoránach, a eagrú i gcomhréir le cuspóir agus prionsabail na Comhdhála, ar bhealach oscailte, trédhearcach, cuimsitheach. Tá treoirlínte sonracha maidir le conas imeachtaí den sórt sin a eagrú ar fáil i bhfoirm sraitheanna straitéisí ar an Ardán Digiteach Ilteangach agus, go háirithe in *'Treoir céim ar chéim d'eagraithe imeachtaí.'*<sup>2</sup> Tugtar samplaí sa doiciméad freisin d'fhormáidí imeachta a d'fhéadfadh rogha na mBallstát a spreagadh agus a threorú. Tá treoir shonrach maidir le conas na himeachtaí a dhéanamh ionchuimsitheach ar fáil ar an ardán freisin.

### 1) Cuspóir

Ba cheart cuspóir agus sprioc shoiléir a bheith ag na painéil: *'ba cheart an cuspóir a leagan amach mar chúram soiléir agus tá sé nasctha le saincheist phoiblí atá sainithe. Scríobhtar go neodrach é mar cheist i dteanga shimplí.'* Ba cheart ról na saoránach agus tionchar a n-ionchur a bheith soiléir. Ba cheart tagairt a dhéanamh do phróiseas foriomlán na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa.

Tá moltaí maidir le hábhair le fáil ar Ardán Digiteach Ilteangach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, ach tá cead ag na Ballstáit aon ábhar eile a roghnú a mheasann siad a bheith tábhachtach agus a bhaineann leis an Aontas Eorpach. De réir an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, ba cheart go léireofaí le raon feidhme na Comhdhála na réimsí ina bhfuil iniúlacht ag an Aontas Eorpach gníomhú nó ina rachadh gníomhaíocht an Aontais chun tairbhe do shaoránaigh na hEorpa. I ndeireadh na dála, is é cuspóir na bPainéal moltaí comhchoiteanna a thabhairt maidir le hábhair shonracha a bhaineann le todhchaí na hEorpa.

### 2) Obair leantach

*'Ba cheart don údarás poiblí coimisiúnaithe gealltanais a thabhairt go poiblí freagairt nó gníomhú ar bhealach tráthúil ar mholtaí na rannpháirtithe.'* Le bearta náisiúnta scaipthe agus comhordaithe, lena bhféadfaí glacadh agus infheictheacht thorthaí na bPainéal Saoránach náisiúnta a áirithiú, feabhsófar comhtháthú na ngníomhaíochtaí náisiúnta/réigiúnacha/áitiúla i bpróiseas níos leithne na Comhdhála. Is fíor sin go háirithe i bhfianaise an fhorluí a d'fhéadfadh a bheith le roinnt pléití comhchosúla a nochtfar ar lámh amháin ar an leibhéal áitiúil/náisiúnta, agus ar an lámh eile ar leibhéal an Aontais.

<sup>1</sup> Tuarascáil ar fáil ar: <https://www.oecd.org/gov/open-government/innovative-citizen-participation-new-democratic-institutions-catching-the-deliberative-wave-highlights.pdf>. Tógtar athfhriotail sa téacs seo ó na prionsabail dea-chleachtais maidir le pléphróisis do chinnteoireacht phoiblí na tuarascála sin (aistriúchán neamhoifigiúil i ngach cás).

<sup>2</sup> [Conas is féidir liom imeacht a eagrú - An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa \(europa.eu\)](#)

Thug na trí institiúid Eorpacha gealltanais freagra a thabhairt ar mholtaí na rannpháirtithe sa Dearbhú Comhpháirteach: *'Cuirfear toradh deiridh na Comhdhála i láthair i dtuarascáil chuig an Uachtaránacht Chomhpháirteach. Scrúdóidh na trí institiúid gan mhoill conas is féidir obair leantach éifeachtach a dhéanamh i ndáil leis an tuarascáil sin, laistigh dá réimse inniúlachtaí féin agus i gcomhréir leis na Conarthaí.'*

### **3) Trédhearcacht**

*'Ba cheart an pléphróiseas a fhógairt go poiblí sula dtosóidh sé. Ba cheart dearadh an phróisis agus na hábhair uile [...] a bheith ar fáil don phobal go tráthúil.'* Is é an tArdán Digiteach Ilteangach an príomh-mhol d'imeachtaí na Comhdhála, do rannchuidithe agus d'fhaisnéis na Comhdhála, rud a chinntíonn trédhearcacht. Ba cheart gach aighneacht a fhoilsiú ar an Ardán Digiteach Ilteangach <https://futureu.europa.eu/> ina dtugtar gach ionchur le chéile do na Painéil Saoránach Eorpach agus do Chruinnithe Iomlánacha na Comhdhála agus do ghníomhaíochtaí agus d'imeachtaí gaolmhara eile.

Foráiltear leis an Dearbhú Comhpháirteach go ndéanfaidh Cruinnithe Iomlánacha na Comhdhála díospóireacht ar na moltaí ó na Painéil Saoránach náisiúnta agus Eorpach. Chomh maith leis an Ardán, d'fhéadfadh na Ballstáit struchtúir institiúideacha de chuid an Aontais atá ann cheana a úsáid chun torthaí na bPainéal Saoránach náisiúnta a chur in iúl.

### **4) Ionchuimsitheacht**

*'Ba cheart ionchuimsiú a bhaint amach trí mhachnamh a dhéanamh ar conas grúpaí tearcionadaithe a dhéanamh rannpháirteach.'* *'Ba cheart rannpháirtíocht a spreagadh agus tacú léi trí luach saothair, costais agus/nó trí chúram leanaí agus cúram seanóirí a sholáthar nó a íoc'* chomh maith leis an tacaíocht agus an cúnamh is gá a chur ar fáil. Baineann sé sin le himeachtaí duine le duine agus le himeachtaí ar líne araon. Cosúil leis na Painéil Saoránach Eorpach, d'fhéadfaí ró-ionadaíocht daoine óga nó cineálacha eile ón bpobal a lorg. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar éascú iomchuí a dhéanamh ar na Painéil, le héascaitheoirí oilte.

### **5) Ionadaíochas**

*'Ba cheart gur micreacasma den phobal i gcoitinne a bheadh sna rannpháirtithe. Baintear é sin amach trí shampláil randamach'* lena léirítear tionscnaimh gheografacha éagsúla, inscne, aois, cúlra socheacnamaíoch agus/nó leibhéil oideachais sa tír / réigiún faoi seach, mar a luaitear freisin sa *Dearbhú Comhpháirteach* le haghaidh na bPainéal Saoránach Eorpach. Le roghnú na rannpháirtithe, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an eisiámh a d'fhéadfaí a dhéanamh a bhaineann le seilbh oifige tofa nó freagrachtaí polaitiúla.

Is iondúil gur idir 50 agus 200 saoránach a bhíonn rannpháirteach in aghaidh an phainéil, ag brath ar líon na ndaoine atá ina gcónaí sa Bhallstát, réigiún nó ceantar. Ba cheart iarrachtaí a dhéanamh teacht ar dhaoine nach nglacann páirt i ndíospóireachtaí poiblí ná i bpléití polaitiúla de ghnáth, e.g. trí shocruithe agus áiteanna a mbeadh rochtain éasca orthu a roghnú.

Léiríonn eagrú Painéal saoránach ar an láthair breislúach ó thaobh éagsúlacht agus cháilíocht na n-idirghníomhaíochtaí agus an chomhphlé idir na rannpháirtithe. I ndíospóireachtaí ar líne, ba cheart an gá atá le níos mó sosanna a chur san áireamh. Is féidir seisiúin ar líne a dheighilt ina n-ilseisiúin.

### **6) Faisnéis**

*'Ba cheart rochtain a bheith ag rannpháirtithe ar réimse leathan fianaise agus saineolais atá cruinn, ábhartha agus inrochtana'* ar bhunphrionsabail an ábhair a bheidh le plé chun machnamh comhchoiteann a dhéanamh. Ba cheart nósanna imeachta soiléire a bheith ann chun a áirithiú go bhfuil an t-eolas a chuirtear ar fáil do shaoránaigh leordhóthanach agus cothrom. Dá réir sin, ba cheart an deis a bheith ag na saoránaigh, laistigh de raon feidhme a bpainéil, na topaicí sonracha ar mian leo díriú orthu agus an cineál saineolais a theastaíonn uathu a roghnú.

### **7) Grúp-phlé**

*'Ba cheart go mbeadh rannpháirtithe in ann teacht ar chomhdhearcaidh chun bonn a chur faoina moltaí comhchoiteanna don údarás poiblí. Is éard atá i gceist leis sin éisteacht, meá agus*

*machnamh a dhéanamh go cúramach agus go gníomhach ar dhearcthaí éagsúla, deis a bheith ag gach rannpháirtí labhairt, meascán d'fhormaidí a bheith i gceist agus iad ag malartú idir díospóireachtaí agus gníomhaíochtaí i ngrúpaí beaga agus sna cruinnithe iomlánacha, agus éascú oilte.* Ba cheart do na heagraithe **pléití éascaithe** a áireamh ag cruinnithe iomlánacha an Phainéil agus i bhfoghrupaí beaga, agus tuairim agus deichniúr ag gach bord. Pléann agus foirmíonn na foghrúpaí na moltaí ba cheart a phlé agus a fhorhnuiniú tráth níos déanaí ag cruinnithe iomlánacha an Phainéil. Ba cheart an t-éascú **a bheith neodrach, oilte.**

#### **8) Am**

*'Éilíonn an plé go mbeadh sé d'am ag na rannpháirtithe foghlaim, an fhianaise a mheá, agus moltaí eolasacha a fhorbairt, mar gheall ar chastacht fhormhór na bhfadhbanna beartais'. D'fhéadfaí idir 4 agus 6 lá cruinnithe ar a laghad (e.g. dhá nó trí dheireadh seachtaine) a phleanáil agus aghaidh á tabhairt ar ábhair chasta i bpróiseas plé náisiúnta. De rogha air sin, d'fhéadfaí roinnt Painéil saoránach dhílárta a réachtáil i mBallstát, agus úsáid á baint as an modh céanna.*

#### **9) Ionracas**

*Chun ionracas an chleachtaidh a chinntiú, 'Ba cheart go mbeadh an próiseas a réachtáil ag foireann chomhordaithe ar neamhthuilleamaí nach ionann é agus an t-údarás poiblí coimisiúnaithe'.*

#### **10) Príobháideacht**

*Ba cheart do na Painéil Saoránach Náisiúnta príobháideacht na rannpháirtithe a áirithiú agus urraim a thabhairt do rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí. 'Ba cheart meas a bheith ar phríobháideacht na rannpháirtithe chun iad a chosaint ar aird gan iarraidh ó na meáin agus ar chiapadh, chomh maith le neamhspleáchas na rannpháirtithe a chaomhnú, a áirithiú nach dtabharfar breab dóibh ná nach ndéanfaidh grúpaí sainleasa ná gníomhaithe stocaireacht orthu'.*

#### **11) Meastóireacht**

*'Ba cheart do na rannpháirtithe meastóireacht anaithnid a dhéanamh chun an próiseas a mheas bunaithe ar chritéir oibiachtúla (e.g. ar chainníocht agus éagsúlacht na faisnéise a chuirtear ar fáil, an méid ama a chaitear ar fhoghlaim, neamhspleáchas an éascaithe). D'fhéadfaí ceistneoir a chur isteach ag tús agus ag deireadh an phróisis chun an méid sástachta leis an bpróiseas a mheas agus chun an cuar foghlama a d'fhéadfadh a bheith acu de bharr mhodhanna pléite na bpainéal a mheas.*